BILEOG GNÍOMHAÍOCHTAÍ – FOLLÁINE DO DHAOINE AGUS DON PHLÁINÉAD

Úsáid an **Bhileog Gníomhaíochtaí** seo i dteannta ***Folláine do Dhaoine agus don Phláinéad***, an iris do dhaltaí atá le fáil i bhfoirm páipéir agus ar líne ar an láithreán gréasáin ourworldirishaidawards.ie

FOLLÁINE DO DHAOINE AGUS DON PHLÁINÉAD (leathanach 3)

Samhlaigh gurb é an domhan atá sa choimeádán (buicéad) seo.

Tarraing líne ar an mbuicéad chun an líon daoine ar domhan inniu a léiriú.

Ansin, tarraing líne eile chun léiriú a thabhairt ar an líon daoine a mheastar a bheidh ann faoi 2030.

Cé mhéad duine eile a bheidh ann in 2030? Má theastaíonn cúnamh uait, féach leathanach 3 de ***Folláine do Dhaoine agus don Phláinéad***, an iris do dhaltaí.

Maisigh an buicéad le taispeáint go léiríonn sé an domhan.